

Flóra agus Feithidí

An Buachalán Buí



Cé go bhfuil an buachalán buí nimhneach do bheostoc, is breá le beacha neachtar na mbláthanna.

An Nead Choille



Is pailneoirí tábhachtacha iad míoltóga éagsúla—tá an-tóir acu ar na bláthanna a bhíonn ar an nead choille.

An Duán Ceannchosach



Bíonn go leor cineálacha beach ag triall ar an duán ceannchosach, nó duáinín an tseanchais, mar a thugtar air freisin.

An tEibheann



Tagann bláthanna ar an eibheann ag tús an fhómhair, ag am nach mbíonn an oiread sin bláthanna amuigh do phailneoirí.

An tSeamair Bhán



Téann go leor cineálacha beach sa tóir ar neachtar an phlanda seo.



Tá bláthanna tábhachtach d'fheithidí mar go gcuireann siad bia ar fáil dóibh i bhfoirm neachtair agus pailine. Faigheann feithidí siúcra ón neachtar agus tugann sé sin an fuinneamh dóibh atá ag teastáil chun eitilt. Tá an phailin lán leis an bpróitéin atá riachtanach do na feithidí ionas go bhfásfaidh siad.



Mar chúiteamh ar an mbia seo a fhaigheann siad ó na bláthanna, cabhraíonn na feithidí seo, ar a dtugtar pailneoirí, le hatáirgeadh na bplandaí. Nuair a bhíonn bia á chuardach ag na feithidí seo, greamaíonn an phailin dá gcorp agus aistríonn siad an phailin sin go bláth eile nuair a thugann siad cuairt air.



Le himeacht aimsire, d'éirigh leis na bláthanna seo iad féin a chur in oiriúint chun pailneoirí sonracha a mhealladh ar bhealaí éagsúla. Úsáideann siad dathanna geala, boladh láidir, agus cruthanna ar leith chun na feithidí a threorú chuig an mbia.



An Mhínscoth



Is breá leis an mbánóg mhór, ar féileacán dúchasach í, neachtar ón mhínscoth

An Fóthnán Colgach



Is breá le féileacáin bláthanna an fhóthnáin, in ainneoin a chuid dealg géar.

Magairlín na Stuaice



Taitníonn neachtar mhagairlín na stuaice leis an mbuirnéad sébhallach, leamhan a bhíonn amuigh i rith an lae.